# Vacsaín MMR

## (MMR Vaxpro nó MMR Priorix)

Ainm:

Dáta an Vacsaínithe:

Tugadh an vacsaín seo a leanas duit/do do leanbh inniu: MMR

I measc na bhfrithghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ort/ ar do leanbh uaireanta tar éis vacsaín MMR a fháil tá:

- Pian, at agus deargadh nuair a tugadh an t-instealladh
- Fiabhras
- Plúchadh sróine, srón ag síleadh
- D'fhéadfadh go mbeadh "cineál éadrom den bhruitíneach" ar roinnt leanaí/daoine aonair agus gríos agus fiabhras orthu idir 6 agus 10 lá tar éis an vacsaínithe. Níl sé seo tógálach.
- Cé gur annamh é, d'fhéadfadh "cineál éadrom den leicneach" a bheith ar leanaí / ar dhaoine aonair agus na faireoga ata ar an muineál, ar an leiceann, nó ar an ngiall le linn an tríú seachtain tar éis an vacsaínithe. Níl sé seo tógálach.
- Ó am go chéile, d'fhéadfadh mar thoradh ar an gcuid rubella den vacsaín go dtiocfadh gríos, pian éadrom sna hailt agus faireoga ata ort idir seachtain 2 agus 4 tar éis an vacsaínithe.

**Is féidir leat/le do leanbh paraicéiteamól nó iobúpróifein a thógáil chun tinneas agus pianta a mhaolú nó chun an fiabhras a ísliú. Má tá imní ort fút féin/ faoi do pháiste, lorg comhairle leighis.**

Má theastaíonn comhairle leighis uait, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

**Ba chóir duit gan éirí torrach ar feadh míosa tar éis vacsaíniú MMR.**

Iarrtar ort seo a choinneáil go sábháilte.

Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar **www.immunisation.ie**